Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA

2005

GAEILGE

TUAIRISC AN PHRÍOMHSCRÚDAITHEORA

GNÁTHLEIBHÉAL

ARDLEIBHÉAL

An Clár

GNÁTHLEIBHÉAL

1.	Réamhrá	3
2.	Gnóthachtáil na nIarrthóirí	6
3.	Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	7
4.	Tátail	11
5.	Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	13

ARDLEIBHÉAL

1.	Réamhrá	14
2.	Gnóthachtáil na nIarrthóirí	16
3.	Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí	17
4.	Tátail	23
5.	Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí	25

AN BHÉALTRIAIL 26

An Gnáthleibhéal

1. Réamhrá

Siollabas
An siollabas ar a bhfuil an scrúdú seo bunaithe, tá sé i bhfeidhm sna scoileanna ó 1995.

Scrúdú
Tá **ceithre** chuid i Scrúdú na hArdteistiméireachta Gaeilge, Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal:

(a) An Bhéaltriail
(b) An Chluastuiscint
(c) Páipéar 1
Ceapadóireacht agus Léamhthuiscint
(d) Páipéar 2
Cúrsa Litríochta agus Stair na Gaeilge.

An Bhéaltriail (150 Marc)

Agallamh circa 15 nóiméad idir scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir atá i gceist leis an mBéaltriail.

Tá 15 shliocht próis roghnaithe ag an gCoiste Cúrsa agus faofa ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta d'fhonn cumas léitheoireachta na n-iarrthóirí a thástáil. Is sleachta iad nach mbaineann leis na téacsanna atá ar an gCúrsa Ainmnithe.

Comhrá ginearálta a bhíonn sa chuid eile den Bhéaltriail.

(a) Léitheoireacht (30 marc)
Tá 5 ghiota ar bith as na 15 ghiota próis atá sa Cháipéis BT. 4B le hullmhú ag gach iarrthóir don Bhéaltriail. Tugtar nóiméad amháin don iarrthóir chun an giota a iniúchadh sula n-iarrtar air/uirthi é a léamh os ard.

(b) Comhrá Ginearálta (120 marc)

(i) Stór Gaeilge (75 marc)
Ar an ngné seo den teanga a bhronntar formhór na marcanna. Is éard a chiallaíonn Stór Gaeilge anseo ná cumas cumarsáide an iarrthóra sa teanga agus an scóip atá aige/aici déileáil le fairsinge ábhar.

(ii) Cumas Teanga (45 marc)
Tá fuílleach na marcanna ag roinnt le cruinneas Gaeilge an iarrthóra, is é sin an cumas atá ann/inti príomhghnéithe de cheart na teanga a úsáid go cruinn.

(c) Reáchtáil an Scrúdaithe
Is mar seo a leanas a bhí an fhoireann Scrúdaitheoireachta: Príomhscrúdaitheoir (An Bainisteoir Scrúduithe agus Measúnachta), Príomhscrúdaitheoir Comhairleach, Scrúdaitheoir Comhairleach Sinsearach, 12 Scrúdaitheoir Comhairleach agus 507 Scrúdaitheoir Cúnta.

Reáchtáladh réamh-chomhdháil ar 23 Feabhra, áit ar socraíodh an caighdeán, ar roghnaíodh téipeanna samplacha, ar míníodh agus ar beachtaíodh na rúibricí agus na rialacha.

Bhuail na scrúdaitheoirí comhairleacha lena bhfoireann scrúdaitheoirí ag comhdhálacha ar fud na tíre ar 3, 4, 10, 11 Márta. Ar na hócáidí sin seinneadh agus pléadh go mion na trialacha samplacha ar téip réamhullmhaithe chomhchaighdeánaithe agus léirigh na trialacha samplacha na réimsí cumais ar fad.

Ritheadh na scrúduithe féin an dá sheachtain 11-15 Aibreán agus 18-22 Aibreán. Le linn na hoibre thug na scrúdaitheoirí comhairleacha cuairt ar oiread scoileanna agus ab fhéidir leo, d'fhonn a chinntiú go raibh na rialacha á gcur i bhfeidhm go cothrom agus go haonfhoirmeach ar fud na tíre.

Ag tús an tsamhraidh ansin cuireadh an próiseas monatóireachta i bhfeidhm. Céim eile le barántas caighdeáin a chinntiú atá sa mhonatóireacht. Ceapadh 27 monatóir le féachaint ar obair na scrúdaitheoirí éagsúla lena chinntiú go ndearnadh an obair mar ba chóir, gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go raibh an obair ar fad ar an gcaighdeán a mbeifí ag súil leis.

Bhí comhdháil ar 2 Meitheamh do na monatóirí ar fad. Pléadh gach cuid den obair a bhaineann leis na Béaltrialacha go mion arís; éisteadh leis na téipeanna samplacha agus chuathas go mion trí na rúibricí éagsúla a bhaineann leis an obair seo go léir. Ansin chaith na monatóirí ceithre seachtaine ag éisteacht le téipeanna samplacha. Sa chás go raibh siad míshásta leis an téipeáil, nó leis an marcáil, nó le haon chuid eile den obair, chuaigh siad i gcomhairle lena gcomhairleoir monatóireachta. Sa chás go raibh aon neamhréir ag baint leis an marcáil, leasaíodh na marcanna faoi threoir an Phríomhscrúdaitheora.

Cuireadh na béaltrialacha féin agus an mhonatóireacht i bhfeidhm ar bhealach cúramach coinsiasach, ag tabhairt gach seans do na hiarrthóirí a stór Gaeilge a úsáid agus a gcumas labhartha a léiriú

An Chluastuiscint (Ardleibhéal: 100 marc; Gnáthleibhéal: 120 marc)
Scrúdú circa 40 nóiméad atá i gceist.

Bíonn an dlúthdhiosca céanna in úsáid ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal ach bíonn ceisteanna difriúla le freagairt ag na hiarrthóirí.

Éisteann iarrthóirí le fógraí, le comhráite agus le míreanna nuachta.

Le gnáthimeachtaí cultúrtha, eacnamaíochta, spóirt agus oideachais na tíre a bhaineann na míreanna éisteachta.

Páipéar 1 (Ardleibhéal: 170 marc; Gnáthleibhéal: 220 marc)
Tá dhá chuid sa pháipéar seo: Ceapadóireacht agus Léamhthuiscint.

Bhí rogha ag na hiarrthóirí i gcuid na Ceapadóireachta idir Aiste, Scéal, Alt agus Óráid/Díospóireacht.

Bhí dhá thriail Léamhthuisceana ann.

Páipéar 2 (Ardleibhéal: 180 marc; Gnáthleibhéal: 110 marc)

Tá an Cúrsa Ainmnithe Litríochta faoi scrúdú anois ó bhí 2001 ann.

Bíonn ar iarrthóirí rogha a dhéanamh idir Cúrsa Ainmnithe agus Cúrsa Roghnach sa Phrós agus san Fhilíocht.

I gcás na n-iarrthóirí Ardleibhéil, bhí ceist ar Phróstéacs Breise, ceist ar Dhánta Dualgais Breise agus ceist ar Stair na Litríochta le freagairt.

2. Gnóthachtáil na nIarrthóirí

28,082 iarrthóir a bhí i gceist i mbliana. 59.2% de líon iomlán na n-iarrthóirí Ardteistiméireachta a rinne an scrúdú ag an nGnáthleibhéal. An céatadán díreach céanna a roghnaigh an Gnáthleibhéal in 2003. Sa bhliain 2002 rinne 59.0% an leibhéal seo, agus 60.4% in 2004. Tá an céatadán a roghnaíonn an Gnáthleibhéal seasmhach in imeacht na mblianta mar sin.

Tábla 1

Bliain	Líon Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt
2005	28082	59.2
2004	28717	60.4
2003	29464	59.0
2002	28907	59.0

Tábla 2

NA TORTHAÍ IOMLÁNA

Bliain	A	B	C	C+	D	E	F	N/G	E-
2005	3.4	33.0	38.7	75.1	19.6	4.4	1.0	0.0	5.4
2004	4.5	40.4	34.8	79.7	16.5	3.3	0.7	0.0	4.0
2003	3.5	39.0	38.3	80.8	15.8	2.8	0.6	0.1	3.5
2002	3.6	34.4	37.2	75.2	19.7	4.3	0.8	0.0	5.1

Is léir ó Thábla 2 thuas go bhfuil ag éirí le idir 75% agus 80% de na hiarrthóirí Grád C nó níos airde a ghnóthú.

3. Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Anseo thíos féachfar ar gach cuid den scrúdú agus léireofar cé chomh maith agus d'éirigh leis na hiarrthóirí ann**.**

An Chluastuiscint (120 Marc)

An Triail Chluastuisceana – Meánmharc: 65 = 54.4%.

- D'éirigh go han-mhaith le cuid mhór iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. Bhí an t-ábhar ar an dlúthdhiosca an-oiriúnach, bunaithe ar thopaicí an tSiollabais, agus ag teacht cuid mhór le raon spéise na n-iarrthóirí. D'éirigh níos fearr leis na hiarrthóirí i gCuid A, na Fógraí, agus i gCuid C, na Píosaí, ná mar a d'éirigh leo i gCuid B, na Comhráite. Bhí titim bheag ar na marcanna a gnóthaíodh i gcomórtas le marcanna na bliana seo caite.
- Moladh **Cuid A** as a bheith inláimhsithe, go háirithe an dá phíosa tosaigh. Tugann sé seo spreagadh do na hiarrthóirí leanúint leo; bíonn siad muiníneach astu féin. Maidir leis an tríú fógra, áfach, bhí líon airithe iarrthóirí nár éirigh leo ainm na mbailte a luadh ar an téip a bhreacadh síos. Níor éirigh leo an chúis a bhain le deireadh a bheith á chur leis an tseirbhís bhus a aimsiú ach oiread.
- Bhí an fhreagairt sásúil i g**Cuid B.** Maidir le Comhrá 1, Mír 1, freagraíodh sin go maith ach níor éirigh chomh maith céanna le hiarrthóirí i gcás Mhír 2. Freagraíodh na míreanna i gComhrá 2 go dona. Cé go raibh an t-ábhar tráthúil go maith – dúnadh monarchan agus aistriú post go ceantar thar lear a bhfuil costais níos ísle ann – bhí deacrachtaí áirithe ag iarrthóirí an freagra ceart a aimsiú. Ní raibh an fhreagairt sa chuid seo ar an gcaighdeán céanna leis an bhfreagairt sa chuid eile den triail chluastuisceana.
- Maidir le **Cuid C** bhí an fhreagairt níos fearr sa chuid seo ná mar a bhí le blianta beaga anuas.

Páipéar 1

Ceist 1: Ceapadóireacht (120 Marc)

Meánmharc: 78 = 66.6%

- Bíonn dhá phíosa ceapadóireachta le déanamh. Bíonn 60 marc ag roinnt le gach aon cheann acu, 12 mharc ar láimhseáil an ábhair agus 48 marc ar chumas Gaeilge.
- Bhí na scrúdaitheoirí sásta leis na roghanna i mbliana. Ceapadh gur roghnaigh níos mó iarrthóirí **an giota leanúnach** i mbliana ná mar a roghnaigh blianta eile. Ba iad na hiarrthóirí maithe a thug faoi rogha (i) *Bíonn saol breá ag daoine óga inniu*, agus d'éirigh go maith leis an gcuid is mó acu. I gcás (ii) *Timpistí bóthair*, ba mhinice a scríobhadh cuntas faoi thimpiste amháin ná faoi aon rud eile. Maidir le (iii) *Ceol*, thug líon maith faoi seo chomh maith; d'éirigh go maith leis an gcuid is cumasaí acu. Thug siad cur síos ar cheolchoirm a chonaic siad ar an teilifís nó ar cheolchoirm a bhí ar siúl áit éigin gar dóibh. Bhí céatadán ard

freisin a scríobh faoi chúrsaí ceoil go ginearálta, topaic, b'fhéidir, a bhí ullamh acu ó am na mBéaltrialacha. Bhí sé le tabhairt faoi deara ar na freagraí nach raibh aon mhíthuiscint ar na hiarrthóirí maidir le brí na dteideal agus bhí caighdeán an–mhaith sna hiarrachtaí go hiondúil.

- Bhí an dara múnla ceapadóireachta**, An Scéal**, coitianta go maith i measc iarrthóirí. Thug tuairim is an oiread céanna iarrthóirí faoin dá rogha (i) *Ag tabhairt aire do bheirt pháistí fad is atá a dtuismitheoirí imithe amach,* agus (ii) *I láthair ag cóisir gan cead a bheith agat ó do thuismitheoirí.* Léiríodh treocht i mbliana atá ag teacht chun cinn le roinnt blianta anuas, is é sin le rá go mbíonn scéal réamhullmhaithe ag iarrthóirí, go mór mór ag iarrthóirí nach bhfuil an oiread sin cumais iontu. Déanann siad iarracht an t-ábhar atá réamhullmhaithe a bhualadh anuas ar an teideal a thugtar. Sa chás nach mbíonn baint ná páirt ag an ábhar leis an teideal, gearrtar pionós an-trom orthu. Tríd is tríd, áfach, bhí caighdeán sásúil ann i bliana. Ba léir go raibh cur amach ag na hiarrthóirí ar an dá ábhar scéil ón ullmhúchán a bhí déanta acu don Bhéaltriail, agus bhí caighdeán an-mhaith ina gcuid iarrachtaí.
- Ba é rogha C, **An Litir**, rogha thromlach na n-iarrthóirí. Bhí ullmhúchán maith déanta acu ar an gceist seo, go háirithe i gcás rogha (i) *Litir go cara atá tar eis bogadh go tír éigin eile*. Sa chás seo arís, díreach mar a bhí i gcás Ceist B, bhí an treocht ann, go háirithe i gcás iarrthóirí nach raibh a gcumas Gaeilge chomh forbartha sin, ábhar réamhullmhaithe nach raibh ag freagairt don cheist a úsáid. Bhí tús agus críoch na litreach ullmhaithe go han-mhaith ag tromlach mór na n-iarrthóirí. Ba bheag duine a thug faoi C (ii), *Litir go nuachtán ag gearán faoi caoga teach atá le tógáil i bpáirc gar do do theach*.
- Tá sé deacair a bheith iomlán cinnte faoin éileamh atá ar cheist D, **An Comhrá**. Déanann cuid mhór iarrthóirí é i scoileanna áirithe; áiteanna eile ní bhactar leis in aon chor is cosúil. Bhí ardú cinnte ar líon na n-iarrthóirí a thug faoi i mbliana. Bhí nathanna is dual d'aon chomhrá foghlamtha go beacht agus réamhullmhúchán cuí déanta ag na hiarrthóirí ab fhearr. Measadh go raibh na teidil a bhí ar an bpáipéar scrúdaithe an-oiriúnach ar fad. Ba iad an dá rogha ná (i) *Ag comhrá le do thuismitheoir faoi cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a bheidh tú críochnaithe ar scoil* agus *(ii) Ag comhrá le cara faoin dlí nua a chuir cosc le caitheamh tobac sna tithe tábhairne.* Ní thugann mórán iarrthóirí faoin gceist seo.

Ceist 2: Léamhthuiscint (100 Marc)

- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh an dá shliocht oiriúnach ó thaobh ábhair de agus feiliúnach ó thaobh raon spéise na n-iarrthóirí.
- Gnóthaíodh marcanna arda sa Léamhthuiscint agus d'éirigh le riar maith iarrthóirí lánmharcanna a bhaint amach in A agus in B. Chuidigh an Léamhthuiscint le hiarrthóirí áirithe a raibh deacracht acu le gnéithe eile den scrúdú, Grád D a bhaint amach
- Cailltear marcanna uaireanta i ngeall ar iomarcaíocht a bheith sna freagraí. Sna cásanna sin cuirtear an oiread sin eolas breise sa fhreagra go mbíonn sé soiléir go bhfuil deacrachtaí tuisceana ag an iarrthóir.
- I gcás **Phíosa A**, *Fiontraí agus Fear Gaeltachta,* bhí an fhreagairt an-mhaith. Bhí deacracht ag líon beag iarrthóirí le Ceist (i), dhá chúis a raibh na blianta tosaigh ar scoil dian; is minic a tugadh an iomarca eolais agus cailleadh

marcanna dá bharr. Maidir le Ceist (v) bhí fadhb ag roinnt iarrthóirí an dá chúis a aimsiú. Tríd is tríd, áfach, d'éirigh go breá leis na hiarrthóirí sa cheist seo.

- Maidir le **Píosa B,** *Turas Teanga*, d'éirigh go maith le hiarrthóirí i ngach ceist ach amháin i gcás (iv), áit a rabhthas ag lorg rud amháin a thaitin le Sharon Ní Bheoláin, agus rud amháin nár thaitin léi, maidir le taisteal ar fud na tíre.

Páipéar 2

Ceist 1: Prós Ainmnithe/Roghnach (55 Marc)

- Tá rogha ar an bpáipéar seo idir Roinn A (Cúrsa Ainmnithe) agus Roinn B (Cúrsa Roghnach) maidir leis an bPrós agus leis an bhFilíocht. Tá an rogha seo ar fáil ó 1991, agus tá na píosaí ainmnithe áirithe seo faoi scrúdú ó 2000. Bhí caighdeán na freagartha go maith sa chuid seo.
- Líon an-bheag ar fad a roghnaíonn an Cúrsa Roghnach.

Roinn A – Ceist 1: Prós Ainmnithe

- I gCeist 1, an Prós, ba é 37 an meánmharc, sin 67%. Mheas na scrúdaitheoirí go raibh na ceisteanna a cuireadh cothrom, agus go raibh an fhreagairt sásúil. Ní leor lomphointí eolais le marcanna arda a ghnóthú, áfach. Bítear ag súil leis go ndéanfaí na pointí éagsúla sa fhreagra a fhorbairt.
- Maidir le Cuid (a), freagraíodh na ceisteanna ar *Clann Lir* go maith. Ba é an t-aon dul amú a bhí ar chuid de na hiarrthóirí ná gur inis siad faoinar tharla *tar éis* do Chlann Lir Sruth na Maoile a fhágáil, seachas scríobh faoinar tharla *sular* fhág siad Sruth na Maoile, mar a iarradh ar an scrúdpháipéar. Sa dara cuid den cheist fuair an-chuid iarrthóirí lánmharcanna; chaill iarrthóirí áirithe marcanna, áfach, toisc nár inis siad an fáth ar thaitin nó nár thaitin Lear leo.
- Ceist ar *Amuigh Liom Féin* an rogha eile a bhí ann i gcás Cheist 1. Bhí go leor ar eolas ag an-chuid iarrthóirí le marcanna arda a fháil, lánmharcanna i gcuid mhór cásanna. Díreach mar a tharla i gcás na coda tosaigh, chaill iarrthóirí marcanna toisc nár fhreagair siad an cheist iomlán; níor thagair siad do na fáthanna ar thaitin/nár thaitin Daideo leo.
- Maidir le Cuid (b), an cheist ghinearálta ar na sleachta eile, bhí rogha leathan téamaí sa chéad chuid den cheist, agus ba é rogha an tromlaigh é. Tugadh faoi *Gafa* níos minice ná aon scéal eile. Gnóthaíodh marcanna maithe nuair a bhunaigh siad an freagra ar na teidil 'Tuismitheoirí' nó 'Drugaí'. *An Lasair Coille* an chéad rogha eile agus pléadh téama na saoirse go maith. Mionlach ar fad a thug faoi *Fiosracht Mhná* agus ní rómhaith a d'éirigh leo ina n-iarrachtaí.

An Fhilíocht

Roinn A – Ceist 2: Filíocht Ainmnithe

- I gCeist 2, an Fhilíocht, ba é 39 an meánmharc, sin cothrom le 71%.
- Rinne tromlach na n-iarrthóirí an cheist ar *Bhríd Óg Ní Mháille*. Bhí freagraí breátha ar mhíreanna (i) agus (iv); ní raibh míreanna (ii) agus (iii) chomh maith sin, agus ba í mír (iii) ba laige ag cuid mhór iarrthóirí.
- Ba é *Chlaon mé mo Cheann* an dara rogha i gcuid (i). Ní raibh na freagraí ró-iontach i gceist (i) áit ar lorgaíodh téama an dáin ina bhfocail féin. Bhí deacrachtaí áirithe acu le míniú a thabhairt ar línte áirithe as an dán; d'éirigh

níos fearr leo sa chuid dheireanach den cheist sin, áit ar iarradh orthu freagra pearsanta a scríobh, ag insint cén fáth ar thaitin/nár thaitin an dán leo.

- Sa dara cuid cuireadh dhá cheist dhifriúla faoin dán *Treall.* Iarradh orthu an dán a phlé faoi cheann de na téamaí fearg, míshásamh, fuinneamh nó tuirse. Pléadh an cheist seo go maith; bhí freagraí breátha le fáil ar an mothúchán Fearg. Ghnóthaigh cuid mhór iarrthóirí lánmharcanna sa chuid seo. Cé gur pléadh na téamaí eile cuibheasach maith ní raibh na freagraí díreach ar an gcaighdeán céanna leis an gcéad cheann. An dara ceist a bhí anseo ná cuntas a thabhairt ar phríomhsmaointe an dáin, agus ansin íomhá a aimsiú a thaitin leo. Tharla sé uaireanta nár críochnaíodh an cheist seo, is é sin, níor míníodh cén fáth ar thaitin an íomhá leo.
- Líon an-bheag ar fad a thug faoin gCúrsa Roghnach.

4. Tátail

An Chluastuiscint

- Éiríonn go breá le cuid mhór iarrthóirí sa chuid seo den scrúdú. Bíonn taithí acu ar éisteacht le míreanna nuachta ó Raidió na Gaeltachta nó ó TG4; tuigeann siad an difríocht idir na focail éagsúla cheistiúcháin. Is léir go bhfuil máistreacht ar scil na héisteachta ag an an-chuid iarrthóirí.
- Is léir go bhfuil líon áirithe iarrthóirí ann nach bhfuil na focail cheistiúcháin ar eolas acu; nach bhfuil taithí acu ar éisteacht le píosa cainte ó thus deireadh; nach n-aithníonn bailte móra agus ceantair Ghaeltachta na tíre.

An Cheapadóireacht

- Chuir cuid mhór iarrthóirí píosaí ceapadóireachta an-mhaith ar fáil. Ba léir ar na píosaí ceapadóireachta ab fhearr go raibh na hiarrthóirí taithíoch ar scríobh na Gaeilge.
- Moladh na hábhair cheapadóireachta a bhí ar an bpáipéar i mbliana. Lorgaíonn an siollabas an cur chuige comhtháite, ag déileáil le hábhair thráthúla as eispéireas laethúil na ndaltaí, ábhair atá fírinneach, a thaitníonn leo agus a gcuireann siad spéis iontu.
- Fuarthas roinnt píosaí ar cosúil iad a bheith réamhfhoghlamtha de ghlanmheabhair ag na hiarrthóirí agus ar cuireadh faoi cheann de na teidil iad gan aon bhaint a bheith acu le hábhar an teidil i ndáiríre. Tá gá le hullmhú agus is maith is fiú nathanna a chur de ghlanmheabhair; ní mór a bheith cinnte, áfach, go bhfuil na píosaí atá á scríobh ag freagairt don teideal a thugtar.
- Go minic déantar botúin sna haimsirí; is minic a úsáidtear an aimsir chaite, is cuma cé acu an mbíonn sí ag teastáil nó nach mbíonn. Ar ndóigh úsáidtear an briathar *Tá* nuair ba cheart an chopail a bheith ann; bíonn rian an Bhéarla ann go minic agus fadhbanna leis an litriú.
- Mheas na scrúdaitheoirí go raibh rian na taithí ar iarrachtaí ceapadóireachta cuid mhór iarrthóirí. Bhí dream beag ann, áfach, ar léir nach raibh siad cleachtach ar scríobh na Gaeilge agus níor shroich siad an leibhéal inmhianaithe.
- Ar na laigí agus ar na lochtanna ba chomónta bhí:

  (a) Mí-úsáid na copaile
  (b) Litriú lochtach, nach raibh ag freagairt do dheilbhíocht na Gaeilge
  (c) Easpa tuisceana ar aimsirí na mbriathra
  (d) Míchruinneas maidir leis na haidiachtaí sealbhacha
  (e) Míchruinneas maidir leis na forainmneacha réamhfhoclacha

- Is minic a dhéantar botúin sna haimsirí; an aimsir chaite a úsáidtear go minic, is cuma cé acu a mbíonn sí ag teastáil nó nach mbíonn. Ar ndóigh, is minic a úsáidtear an briathar *Tá* nuair ba cheart an chopail a bheith ann; is minic, leis, a mbíonn rian an Bhéarla ar an gceapadóireacht, agus fadhbanna leis an litriú.

An Léamhthuiscint

- Bhí an fhreagairt an-sásúil ar an dá chuid den cheist seo. Bíonn na hiarrthóirí is lú cumas ábalta iarracht mhacánta a thabhairt faoin ábhar seo; tá taithí acu ar an gcineál seo ceiste ón Teastas Sóisearach; na scileanna gabhchumais atá i gceist ar ndóigh.
- An t-údar imní ba mhó a léiríodh maidir leis an marcáil ar an gceist seo ná an líon iarrthóirí ar éirigh go maith leo i gcuid amháin den Léamhthuiscint, ach nár bhac leis an bpíosa eile ar chúis éigin. Bhí sé deacair a dhéanamh amach cé acu ar tharla sé sin de bharr míchúraim, nó easpa suime, nó arbh amhlaidh nach raibh rúibricí an pháipéir ar eolas acu.

Páipéar 2: Ceisteanna Próis agus Filíochta

- Bhí freagraí breátha ag an-chuid iarrthóirí sna míreanna seo. Bhí sé soiléir ar na hiarrachtaí breátha go raibh dianstaidéar déanta ar an gcuid seo den chúrsa.
- Tá iarrthóirí ann nach dtugann aird cheart ar na ceisteanna seo. Is minic nach scríobhann siad ach achoimre ar pé scéal atá luaite sa cheist gan díriú isteach ar fhoclaíocht na ceiste. Lomchuntas a bhíonn anseo. Níorbh fholáir a chur in iúl d'iarrthóirí nár mhór gach uile iarracht a dhéanamh a bhfreagraí a dhíriú ar an gceist a cuireadh.
- An té a mbíonn deacrachtaí aige leis an bPrós is gnáth go bhfeictear na fadhbanna céanna leis an bhFilíocht aige; achoimre a scríobh gan bacadh leis na ceisteanna atá ar an bpáipéar; gan línte taca a bheith acu ón dán; gan a bheith ábalta tuairim phearsanta a thabhairt faoi dhán, mar shampla: … *Thaitin an dán seo liom mar* … nó *Níor thaitin an dán seo liom mar* … .
- Tá líon an-bheag iarrthóirí nach mbacann le Páipéar 2 a dhéanamh ar chor ar bith. Tá cuid acu a chruthaíonn go han-mhaith i bPáipéar 1, sa Chluastuiscint agus sa Bhéaltriail, ach nach mbacann le Páipéar 2 a dhéanamh ar chúis éigin. Faigheann go leor acu sin Grád D sa scrúdú iomlán ar bhonn na coda den scrúdú a dhéanann siad ach is é is dócha go dtuillfidís grád níos airde ná sin dá ndéanfaidís an scrúdú ar fad.

5. Moltaí do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn

- Ba chóir do na hiarrthóirí cleachtadh rialta a dhéanamh ar an scríbhneoireacht sa rang agus mar chuid den obair bhaile.
- Ba chóir aistriúchán comhuaineach sa rang a sheachaint mar nach gcabhraíonn sé leis na daltaí go fadtréimhseach an Ghaeilge a shealbhú.
- Ba chóir ábhair dhílse ó na meáin a úsáid mar áiseanna teagaisc agus foghlama sna ranganna. Ba cheart tarraingt as stór fairsing Raidió na Gaeltachta agus TG4 chun míreanna nuachta atá tráthúil agus spéisiúil a sholáthar.
- Moltar an cur chuige comhtháite ag déileáil le hábhair thráthúla as eispéireas laethúil na ndaltaí, ábhair atá fírinneach, a thaitníonn leo agus go gcuireann siad spéis iontu. Ba léir ar na píosaí ceapadóireachta ba mhó éileamh i mbliana gur ábhair iad a bhain leis an mBéaltriail mar shampla.
- Ba chóir an plé a dhéantar ar an Litríocht a cheangal isteach le gnáthimeachtaí ranga, le go mbeidh na ceithre scil á gcur in úsáid ar feadh an tsiollabais ar fad.

An tArdleibhéal

1. Réamhrá

An Bhéaltriail agus An Chluastuiscint
Féach ar a bhfuil scríofa sa réamhrá don Ghnáthleibhéal ar leathanach 3 den tuarascáil seo faoin dá roinn seo den scrúdú.

Páipéar 1: Dhá cheist le freagairt: Ceapadóireacht agus Léamhthuiscint

Ceapadóireacht
Marcáiltear na hiarrachtaí ceapadóireachta de réir na scéime a aontaítear ag na comhdhálacha marcála roimh thús na hoibre. Bíonn 80 marc ag roinnt leis an gcumas Gaeilge agus 20 marc le hionramháil an ábhair. Sa chumas Gaeilge áirítear fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra mar aon le beachtas maidir le máistreacht ar chruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na Gaeilge. Bítear ag faire amach don ghramadach, don chomhréir, don struchtúr agus don deilbhíocht. I gcás an Ábhair de, bítear ag faire amach d'úire smaointe, do scileanna ionramhála agus don chruthaitheacht. Baintear leas as na critéir sin d'fhonn an Ghaeilge agus an tÁbhar araon a mharcáil de réir na n-aicmí seo a leanas: sár-mhaith, an-mhaith, maith, measartha, lag, an-lag.

Léamhthuiscint
Bhí dhá thriail Léamhthuisceana ann:

1. Cur síos ar stair Dhealbh na Saoirse i mbá Manhattan agus ceangal idir é agus cogadh Mheiriceá in aghaidh na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta a bhí sa chéad phíosa.
2. Cuntas ar an mbeirt fhiontraithe óga a bhunaigh an comhlacht ríomhaireachta Google a bhí sa dara píosa.

Bhí cúig mhórcheist le freagairt ar gach píosa, na ceisteanna sin roinnte ina dhá chuid, agus 4 mharc agus 3 mharc ag roinnt le gach cuid faoi seach. Lorgaíodh ionramháil i ngach freagra agus gearradh pionós áirithe ar iarrthóirí nuair nach ndearnadh iarracht na freagraí a thabhairt ina bhfocail féin.

Páipéar 2: Ceithre cheist le freagairt

Ceist 1 – Prós Ainmnithe nó Roghnach
Bíonn dhá cheist le déanamh ar Phrós Ainmnithe **nó** ar Phrós Roghnach. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Prós Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Prós Roghnach i mbliana chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe.

Ceist 2 – Próstéacs Breise
Roghnaíonn iarrthóirí téacs ainmnithe nó téacs roghnach as ceann amháin de na ceithre rannóg Litríochta, mar atá gearrscéal, úrscéal, dírbheathaisnéis nó dráma.

Ceist 3 – Filíocht Ainmnithe nó Filíocht Roghnach
Bíonn dhá cheist le déanamh ar an bhFilíocht Ainmnithe **nó** ar an bhFilíocht Roghnach. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Fhilíocht Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Fhilíocht Roghnach i mbliana chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe.

Dánta Dualgais Breise
Ocht gcinn de Dhánta Dualgais Breise atá leagtha síos sa siollabas. Bíonn dhá cheann de na dánta sin faoi scrúdú gach bliain, agus bíonn ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar cheann amháin den dá dhán ar an bpáipéar.

Ceist 4 – Stair na Gaeilge
Bíonn ar iarrthóirí dhá cheist a fhreagairt as sé cinn a bhíonn ar an bpáipéar.

2. Gnóthachtáil na nIarrthóirí

Líon Iarrthóirí sa Scrúdú
Thug 47,561 iarrthóir faoin nGaeilge san Ardteistiméireacht i mbliana.

14,358 iarrthóir a thug faoin nGaeilge ag an ardleibhéal, sin 30.2% den líon iomlán iarrthóirí a rinne an Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta.

Tá céatadán na n-iarrthóirí a roghnaíonn an tArdleibhéal iontach seasmhach in imeacht na mblianta.

30.4% a rinne an tArdleibhéal in 2004 mar shampla; 30.3% in 2003; 29.9% in 2002.

Tábla 1

Bliain	Líon Iarrthóirí	Céatadán an Chohóirt
2005	14,358	30.2
2004	14,876	30.4
2003	15,102	30.3
2002	14,901	29.9

Tábla 2

TORADH IOMLÁN AR BHONN CÉATADÁNACH

Bliain	Líon	A	B	C	C+	D	E	F	NG	E-
2005	14358	13.1	33.8	35.9	82.8	16.2	0.9	0.0	0.0	0.9
2004	14876	10.9	33.8	38.5	83.2	16.2	0.7	0.0	0.0	0.7
2003	15102	11.2	32.2	36.9	80.3	18.3	1.3	0.0	0.0	1.3
2002	14901	11.8	32.9	39.1	83.8	15.6	0.6	0.0	0.0	0.6

3. Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

Anseo thíos féachfar ar gach cuid den scrúdú agus léireofar cé chomh maith agus d'éirigh leis an hiarrthóirí ann**.**

An Chluastuiscint

Maireann an triail seo thart ar 40 nóiméad.

100 marc atá ag roinnt leis an gcuid seo den scrúdú; trí chuid atá ann: fógraí, comhráite, agus píosaí nuachta. Bhí caoga mír le freagairt.

Cuid A
Bhí an fhreagairt ar Fhógra 1 an-sásúil.

I gcás Fhógra 2 bhí freagraí breátha anseo freisin. Bhí iarrthóirí ann, áfach, nár fhreagair i gceart na ceisteanna faoi Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo ná faoin gCúrsa Céime i nGnó agus i gCumarsáid trí Ghaeilge.

Bhí an fhreagairt sásúil ar Fhógra 3 ach bhí iarrthóirí áirithe nár thug freagra ar bith nuair a iarradh orthu dhá bhaile Gaeltachta a lua as na trí cinn a tugadh: Croilí, Gaoth Dobhair, Gort an Choirce.

Cuid B
D'éirigh go breá le hiarrthóirí sna comhráite den chuid is mó.

Bhí an fhreagairt an-sásúil i gcás Chomhrá 1, seachas Mír 2, Ceist 2, áit nár éirigh le cuid de na hiarrthóirí an freagra ceart a scríobh, is é sin, árachas agus cáin a fháil don charr.

Bhí Comhrá 2 an-sásúil, seachas Mír 2, Ceist 1, áit nár éirigh le cuid de na hiarrthóirí an freagra ceart a scríobh, is é sin, monarcha a bheith ag bogadh go tír a mbeidh a costais níos ísle inti.

Bhí an fhreagairt ar Chomhrá 3 ar fheabhas ar fad.

Cuid C
Bhí an fhreagairt ar Chuid C an-sásúil, seachas Píosa 2. Cuntas ar chóras traenach Lartigue i Lios Tuathail a bhí anseo, ach bhí go leor iarrthóirí nár fhreagair i gceart na ceisteanna a cuireadh faoin gcuntas.

Páipéar 1

Ceist 1: Ceapadóireacht
Tugadh rogha do na hiarrthóirí arís i mbliana as na múnlaí ceapadóireachta céanna a bhfuil taithí acu orthu, is é sin aiste, scéal, alt, díospóireacht/óráid.

Fuarthas iarrachtaí breátha ceapadóireachta i mbliana ach bhí corr-iarracht ann a bhí lag maidir le príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

Aiste
Ag féachaint go hachomair anois ar na haistí, is léir gur thug cuid mhór iarrthóirí faoi A(a): *An scoil agus an dalta: ní i gcónaí a bhíonn dea-chaidreamh eatarthu inniu.* D'éirigh go breá le cuid mhór iarrthóirí anseo. Ba é barúil na scrúdaitheoirí go raibh an t-ábhar seo an-oiriúnach mar bhí sé bunaithe ar eispéireas laethúil na n-iarrthóirí. Ar an láimh eile, áfach, bhí roinnt iarrthóirí a chuaigh amú amanna ag cur síos ar rudaí taobh amuigh den scoil gan iad a cheangal le saol na scoile in aon chor.

Maidir le rogha A(b), *Is mór an oscailt súl don duine é an taisteal*, bhí aistí breátha ag go leor de na hiarrthóirí, ach scríobh roinnt iarrthóirí faoi fhadhbanna tíortha, faoi thimpistí bóthair, etc. gan tagairt ar bith a dhéanamh don taisteal.

Maidir le A(c) *Idéil na gCluichí Oilimpeacha - scamall orthu inniu faraor*, b'iarrthóirí cumasacha ba mhó a thug faoi. Fuarthas aistí maithe faoi idéil agus faoi thástálacha drugaí agus faoin tionchar atá ag cúrsaí airgid ar na nithe sin faoi láthair. Mheas na scrúdaitheoirí, áfach, go raibh roinnt iarrthóirí ann nach ndeachaigh i ngleic leis an ábhar ar bhealach sásúil .

Scéal
Tugadh dhá rogha sa roinn An Scéal, mar a bhí B(a) *Is ina dhiaidh a thuigtear gach beart* agus B(b) *Bród*. Fuarthas scéalta breátha anseo a bhí dea-chumtha, spéisiúil, úr agus cruinn ó thaobh na Gaeilge. Fuarthas freisin an iarracht réamhfhoghlamtha a ndéantar iarracht bhacach ar í a chur in oiriúint do cibé teideal a thugtar ar an bpáipéar scrúdaithe, agus neamhaird á dhéanamh go minic ar fheiliúnacht an ábhair sin. Ní dhearna an oiread sin iarrthóirí B(a); i gcás B(b) bhí scéalta breátha le fáil; ach ar an láimh eile ba mhinic a bhí scéalta beaga páistiúla le fáil, scéalta faoi chluichí peile mar shampla, nach raibh aon úire ná aon téagar ag baint leo.

Alt nuachtáin/irise
Maidir le C, alt nuachtáin/irise, bhí rogha idir C(a) *Léigh tú alt i nuachtán áitiúil le déanaí ó pholaiteoir inar ionsaigh sé teifigh atá ag cur fúthu i do cheantar féin. Chuir an t-alt fearg ort. Scríobh an freagra a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin ar an ábhar sin*, agus C(b) *Tháinig an príomhoifigeach ar eagraíocht idirnáisiúnta carthanachta ar cuairt chuig do scoil le déanaí. Iarradh ortsa agallamh* a *chur air*. *Scríobh alt bunaithe ar an agallamh sin d'iris an scoile*.

Fíorbheagán a thug faoi na roghanna seo. Iarrthóirí maithe ba mhó a rinne an líon an-bheag iarrachtaí a fuarthas.

Díospóireacht/Óráid
Tugadh dhá rogha sa roinn seo. Maidir le rogha D(a) *Tá an tír seo ag titim as a chéile agus níl faic na fríde á dhéanamh ag ár bpolaiteoirí faoi*, rinne go leor iarrthóirí an rogha seo. Bhí samplaí breátha le fáil, ar an dá thaobh den argóint, fadhbanna uile na tíre pléite go mion agus go maith iontu, agus gníomhartha nó easpa gníomhartha na bpolaiteoirí ríofa go cumasach. Ina lán cásanna, áfach, ní dhearnadh ach leath na díospóireachta, an tír ag titim as a chéile. Arís ba chosúil go raibh an-chuid réamhfhoghlama i gceist, na pointí céanna luaite ag a lán agus gan mórán samhlaíochta ag baint leo. An t-ábhar a tugadh in D(b) *Is Cathaoirleach tú ar Raidió Áitiúil in Éirinn. Iarradh ort labhairt mar aoi-chainteoir ag Craobhchomórtas*

Náisiúnta Díospóireachta faoi ról an raidió áitiúil i saol an phobail. Scríobh an óráid a thabharfá ann. Ba bheag an t-éileamh a bhí ag iarrthóirí ar an rogha seo. An beagán a rinne é, iarrthóirí cumasacha a bhí iontu den chuid is mó, a bhí ábalta dul i ngleic leis an ábhar.

Páipéar 1: Léamhthuiscint
Sa chéad phíosa, *Bean Uasal na Saoirse*, bhí cur síos ar stair Dhealbh na Saoirse i mbá Manhattan, agus rinneadh ceangal idir í agus an cogadh in aghaidh na sceimhlitheoireachta.

Sa dara píosa, *Na Buachaillí Google*, bhí cur síos ar an mbeirt fhear óga a bhunaigh an comhlacht ríomhaireachta Google, agus ar na hathruithe atá tagtha ar a saol le tamall anuas.

Tríd is tríd d'éirigh níos fearr le hiarrthóirí in A seachas in B.

Píosa A
Sonraíodh deacracht ar leith le Ceist 3(b): cad í íoróin shearbh na staire: sé sin nárbh ón bhfarraige a tháinig an t-ionsaí marfach ach ón aer, agus go ndearna an t-ionsaí sin an t-uafás damáiste.

Píosa B
Maidir le píosa B, fuarthas Ceist 4 (a) deacair. B'éigean an prionsabal a bhí ag an mbeirt a aimsiú ar dtús, is é sin gan a gcuid saibhris a chaitheamh go feiceálach; agus ansin oibriú amach cén tionchar a bhí ag an bprionsabal sin ar a saol laethúil – tiomáineann siad gnáthcharranna agus caitheann siad bróga reatha ar ócáidí poiblí. Bhí an dara cuid den cheist sin ina údar trioblóide chomh maith, an tuiscint atá acu go mbíonn an gnáthdhuine in éad le lucht an rachmais.

Páipéar 2

Ceist 1: Prós Ainmnithe/Roghnach
Freagraíodh na ceisteanna ar *Clann Lir* agus ar *Gafa* go han-mhaith; ní raibh na freagraí ar *Fiosracht Mhná* chomh maith céanna.

Maidir le *Clann Lir* pléadh an draíocht, na mothúcháin agus an ceangal eatarthu go tuisceanach agus go cumasach. Ba léir go raibh deacracht ag cuid mhór iarrthóirí leis an bhfocal 'meon' sa cheist ar *Fiosracht Mhná*, agus nach raibh siad cleachtach ar a bheith ag féachaint ar an scéal mar dhráma idirphearsanta.

Freagraíodh an dá cheist ar *Gafa* go maith. Ba léir go raibh an scéal ar eolas go maith ag an-chuid iarrthóirí, agus go raibh tuiscint mhaith acu ar chúlra an scéil agus ar ról na gcarachtar i bhforbairt an scéil.

Maidir leis an bPrós Roghnach, cé go raibh freagraí breátha le fáil, bhí claonadh ag iarrthóirí áirithe scéalta mar *Banríon an Uaignis* agus *Díoltas an Mhadra Rua* a úsáid anseo, scéalta nach bhfuil ar comhchéim faid agus deacrachta leis na píosaí ainmnithe.

Is cinnte go mbíonn an chuid is mó de na hiarrthóirí ábalta déileáil leis na ceisteanna a chuirtear ar an bPrós. Tá laigí áirithe le tabhairt faoi deara, áfach:

- Achoimre ar an scéal a scríobh seachas díriú isteach ar an gceist
- Gan an cheist a cuireadh a fhreagairt
- Gan eochairfhocail na gceisteanna a aithint
- Athinsint a thabhairt seachas léirmheas bunaithe ar an scéal a thabhairt

Próstéacs Breise
Bhí an fhreagairt i gcoitinne an-sásúil.

A: (a) Scothscéalta
Cé go raibh freagraí breátha ar fáil bhí claonadh ag daltaí áirithe dul i muinín na hachoimre.

A: (b) Gearrscéalta Roghnacha
Líon an-bheag iarrthóirí a thug faoin rogha seo. *Ecstasy* an cnuasach ba choitianta a bhí le fáil.

B: (a) Máire Nic Artáin:
Iarrthóirí in dhá ionad a thug faoin úrscéal seo agus freagraíodh na ceisteanna go maith.

B: (b) Úrscéalta Roghnacha
'Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne', 'Caisleán Óir', 'Dialann Chaoimhe', agus 'Mise Mé Féin' na scéalta ba choitianta a roghnaíodh anseo. Bhí freagraí breátha ar an Tóraíocht, ach bhí easpa doimhneachta le sonrú ar roinnt eile de na téacsanna.

C: (a) A Thig Ná Tit Orm
Seo é an dara téacs is mó éileamh, agus bhí cuid mhór freagraí breátha le fáil anseo. Is fearr a freagraíodh an dara ceist ná an chéad cheann; fágadh 'dílseacht dá dhúchas' ar lár uaireanta; pléadh 'neamhspleáchas' go maith.

C: (b) Dírbheathaisnéis Roghnach
Peig an téacs ba choitianta a fuarthas anseo, agus bhí cuid mhór freagraí maithe le fáil freisin.

D: (a) An Triail
Ba é *An Triail* an saothar ba mhó a roghnaigh na hiarrthóirí. Freagraíodh na ceisteanna go maith. I gcás líon áirithe iarrthóirí, áfach, níor tugadh dóthain airde ar fhoclaíocht na gceisteanna, agus ba léir gur nótaí foghlamtha nár bhain le hábhar a úsáideadh go minic. Bíonn tacaíocht ón téacs ag teastáil sa fhreagra, rud nach raibh le fáil uaireanta.

D: (b) Dráma Roghnach
Níor thuairiscigh scrúdaitheoir ar bith gur freagraíodh ceist ar dhráma roghnach.

Ceist 3 Filíocht

Filíocht Ainmnithe/Roghnach

I gCeist 1 sa roinn seo bíonn dhá cheist le déanamh ar Fhilíocht Ainmnithe nó ar Fhilíocht Roghnach. Déanann tromlach mór na n-iarrthóirí an Fhilíocht Ainmnithe. Thart ar 5 ionad a roghnaigh an Fhilíocht Roghnach chomh maith le hiarrthóirí a bhí ag athdhéanamh an scrúdaithe. Tá na 5 dhán a bhaineann leis an gCúrsa Ainmnithe á scrúdú ó bhí 2001 ann; pléadh agus scagadh go maith iad in imeacht na mblianta, agus bhí an fhreagairt agus na marcanna a gnóthaíodh an-sásúil dá réir.

Bhí freagraí breátha le fáil ar an dán 'Chlaon mé mo Cheann'; bhí iarrachtaí eile ann nach raibh iontu ach bunábhar an dáin á chur ar fáil arís. Bhí deacrachtaí ag iarrthóirí áirithe le 'aigne shuaite'; bhí iarrthóirí eile nach ndearna tagairt ar bith do 'codarsnacht' ina bhfreagraí.

Bhí an fhreagairt ar an dara dán 'Mac Eile ag Imeacht' ar fheabhas. Léiríodh agus pléadh 'uaigneas na dtuismitheoirí' go sármhaith. Tá deacrachtaí ag iarrthóirí áirithe plé a dhéanamh ar ghnéithe áirithe de léirmheas na filíochta mar atmaisféar, friotal, agus íomhánna.

Maidir leis an bh**Filíocht Roghnach** bhí caighdeán na freagartha sásúil. Ba iad na dánta ba chomónta ná 'M'Uncail', 'Géibhinn' agus 'Éiceolaí'.

Dánta Dualgais Breise

Na hiarrthóirí maithe, iad siúd a raibh ullmhúchán agus obair déanta acu ar an dán (a) 'Úrchnoc Chéin Mhic Cáinte**',** d'éirigh go maith leo sa cheist seo. Bhí deacrachtaí ag iarrthóirí idirdhealú a dhéanamh idir 'ógbhean a mhealladh' agus 'ógbhean a mholadh'. Ba mhinic a luadh línte tacaíochta nach raibh ina línte tacaíochta ar chor ar bith leis an mbarúil a nochtadh. Bhí céatadán ard de na hiarrthóirí nár thuig brí na línte a bhí le míniú. Bhí sé éasca na marcanna a ghnóthú ar an meadaracht má bhí staidéar déanta air roimh ré.

Rinneadh an cheist ar (b) 'Teangmháil**',** níos minice ná (a). Cé go raibh freagraí breátha le fáil bhí iarrachtaí laga le fáil freisin. Bhí deacracht leis na téarmaí 'dearcadh gruama' agus 'caidreamh daonna'.

Maidir leis an bhfreagairt ar an bhFilíocht go ginearálta is féidir na pointí seo a leanas a dhéanamh:

- Nach mbíonn dóthain tagairtí sna freagraí don cheist a cuireadh
- Go mbíonn cuid de na freagraí róghinearálta
- Nach ndéantar an cheist a léamh go mion agus go cúramach sula dtugtar faoi fhreagra a scríobh
- Nach mór d'iarrthóirí a bheith cinnte go dtéann siad i ngleic leis an gceist a cuireadh agus go bhfuil an freagra agus a léirmheas féin bunaithe ar an téacs.
- Nach mór bunús maith a bheith sa dán le gach tuairim a nochtar.

Ceist 4: Stair na Gaeilge

Bhí an caighdeán go measartha i mbliana; ba dhóigh le scrúdaitheoirí áirithe go raibh an caighdeán níos ísle ná blianta eile; ach é sin ráite, bhí freagraí breátha le fáil. Bhí freagraí iomlána le fáil ar na scríbhneoirí éagsúla a roghnaíodh i gCeist (f). Bhí cuid de na freagraí ar Fhilíocht na mBard an-ghinearálta; ba í an cheist ar an mBéaloideas ba mhinice a freagraíodh; freagraí an-mhaithe i gcuid acu; cinn eile a bhí tanaí go maith. Cé nach raibh an Rúraíocht ar an bpáipéar, bhíothas ag súil léi, agus scríobh cuid de na hiarrthóirí a raibh ar eolas acu faoin Rúraíocht mar fhreagra ar Bhéaloideas.

4. Tátail

An Chluastuiscint
Bhí cuid mhór de na freagraí an-mhaith ar an gcuid seo den scrúdú, ach bhí caighdeán na Gaeilge i gcuid de na freagraí lag go leor:

- bhí iarrthóirí ann nach raibh an litriú ceart ar Lios Tuathail i gContae Chiarraí acu;
- bhí iarrthóirí ann nár éirigh leo na háitainmneacha i nGaeltacht Thír Chonaill a scríobh, in ainneoin gur leagan maolaithe de na canúintí a bhíonn le cloisteáil ar an dlúthdhiosca.

Ceapadóireacht
Thug na scrúdaitheoirí faoi deara go bhfuil nós ag líon áirithe iarrthóirí píosaí fada ceapadóireachta a chur de ghlanmheabhair agus iarracht bhacach a dhéanamh ansin lá an scrúdaithe iad a chur in oiriúint, ar ais nó ar éigean, do theideal éigin atá ar an bpáipéar. Is ceart d'iarrthóirí níos mó ama a chaitheamh ag cleachtadh ar a bheith ag scríobh as a stuaim féin seachas ábhar a chur de ghlanmheabhair**.**

Léamhthuiscint
Éiríonn go breá le hiarrthóirí maithe sa chuid seo. Tá sé tugtha faoi deara ag na scrúdaitheoirí, áfach, nach i gcónaí a éiríonn leis na hiarrthóirí na freagraí a scríobh ina gcuid focal féin.

Ceist 1: Prós
Is cinnte go mbíonn an chuid is mó de na hiarrthóirí ábalta déileáil leis na ceisteanna a chuirtear ar an bPrós. Tá laigí áirithe le tabhairt faoi deara, áfach:

- Achoimre an scéil a scríobh seachas díriú isteach ar an gceist
- Gan an cheist a cuireadh a fhreagairt
- Gan eochairfhocail na gceisteanna a aithint
- Athinsint a thabhairt seachas léirmheas bunaithe ar an scéal

Ceist 2: Próstéacs Breise
Bhí an fhreagairt anseo an-sásúil agus tá sé soiléir ar na freagraí go gcaitear a lán ama ar an gcuid seo den chúrsa.

An laige is comónta ná achoimre a scríobh mar fhreagra gan díriú isteach ar an gceist, gan na heochairfhocail a aimsiú agus gan léirmheas a thabhairt ar pé cuid den téacs atá faoi scrúdú.

Ceist 3: Filíocht
Bhí an fhreagairt ar an bhFilíocht an-sásúil, go speisialta ar an bhFilíocht Ainmnithe/Roghnach.

Maidir leis an bhfreagairt ar an bhFilíocht go ginearálta is féidir na pointí seo a leanas a dhéanamh:

- Is minic nach mbíonn dóthain tagairtí don cheist a chuirtear agus iarrthóirí i mbun freagartha
- Bíonn roinnt freagraí róghinearálta
- Ní dhéantar an cheist a léamh go mion agus go cúramach

Ní mór d'iarrthóirí a bheith cinnte go dtéann siad i ngleic leis an gceist a chuirtear agus go bhfuil an freagra agus a léirmheas féin bunaithe ar an téacs.

Stair
Bhí an caighdeán go measartha i mbliana; ba dhóigh le scrúdaitheoirí áirithe go raibh an caighdeán níos ísle ná blianta eile; ach é sin ráite, bhí freagraí breátha le fáil freisin.

6. Moltaí do Mhúinteoirí agus do Mhic Léinn

Is léir ó ardchaighdeán na n-iarrachtaí a cuireadh faoi bhráid na scrúdaitheoirí go bhfuil obair mhór ar siúl ag múinteoirí na tíre agus tréaslaítear an dea-obair seo leo.

Déantar na moltaí seo thíos d'fhonn cur leis an obair mhaith atá ar siúl cheana féin.

- Ba chóir an Ghaeilge a úsáid mar theanga ranga ón gcéad bhliain ar aghaidh.
- Ba chóir aistriúchán comhuaineach sa rang a sheachaint mar nach gcabhraíonn sé leis na daltaí go fadtréimhseach an Ghaeilge a shealbhú
- Ba chóir eolas na ndaltaí ar na canúintí a fhorbairt; baintear úsáid as téipeanna, míreanna ó Raidió na Gaeltachta, cláir thráthúla ó TG4, dlúthdhioscaí ROM, agus an t-idirlíon sa rang.
- Ba chóir níos mó béime a leagan ar bhunghnéithe na teanga: inscní agus tuisil na n-ainmfhocal, briathra neamhrialta, réamhfhocail shimplí agus réamhfhocail chomhshuite, etc.
- Ba chóir breis ama a thabhairt d'úsáid an fhoclóra sa rang; tá sé soiléir ó chuid mhaith scripteanna go mbíonn 'litriú ón gcluais' ar siúl ag na hiarrthóirí.
- Ba chóir breis ama a chaitheamh leis an léamhthuiscint, agus a iarraidh ar dhaltaí na freagraí a thabhairt ina bhfocail féin oiread agus is féidir.
- Ba chóir réimsí áirithe topaicí a phlé sa rang agus ansin ceacht ceapadóireachta a bhunú air sin. Is fearr an cur chuige comhtháite seo le scileanna ceapadóireachta a fhorbairt ná an tsíorfhoghlaim aistí réamhullmhaithe.
- Moltar an obair mhór atá ar siúl ar an bPrós, ar an bhFilíocht agus ar an Stair a shní isteach sa ghnáthobair ranga. Ba cheart comhtháthú a dhéanamh idir na codanna éagsúla den siollabas agus na scileanna éagsúla oiread agus is féidir.

An Bhéaltriail Ghaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Anailís ar Ghnóthachtáil na nIarrthóirí

- Tá caighdeán ard i labhairt na Gaeilge ag iarrthóirí ar fud na tíre agus moltar na hiarrthóirí as a suim san ábhar, agus na múinteoirí as a ndíograis á múineadh sna ranganna. Mheas na scrúdaitheoirí go raibh sé le haithint ar na hiarrthóirí ab fhearr ar éirigh leo gurb í an Ghaeilge gnáth-theanga na cumarsáide sa rang ina bhfuil siad ar scoil.
- Maidir leis an Léitheoireacht, éiríonn go han-mhaith le han-chuid iarrthóirí. Tá lion an-bheag iarrthóirí ann, áfach, nach gcruthaíonn go maith sa chuid seo den scrúdú.
- Maidir leis an gcaint ghinearálta bíonn an-éagsúlacht sna hiarrachtaí a dhéantar. Éiríonn go maith leis an gcuid is mó de na hiarrthóirí agus iad ag cur síos ar a ngarthimpeallacht; bíonn a ngabhchumas maith go leor, ach bíonn deacrachtaí acu nuair a leathnaítear an comhrá amach ó ábhair mar an dalta féin, an chlann, an baile, an scoil. Bíonn na scrúdaitheoirí ar a míle dícheall ag cinntiú nach scrúdú eolais a bhíonn ann ach scrúdú cainte, agus déantar gach iarracht ábhair a tharraingt isteach sa chomhrá a spreagfadh na hiarrthóirí le caint a dhéanamh.
- Tá claonadh tugtha faoi deara ag na scrúdaitheoirí, go mbíonn píosaí móra fada curtha de ghlanmheabhair ag iarrthóirí, ach nach léir i gcónaí mórán tuisceana a bheith ag an iarrthóir ar an ábhar ná ar an nGaeilge ar chor ar bith. A luaithe a chloiseann an t-iarrthóir an focal *scoil* mar shampla, tosaíonn sé/sí amach ar phíosa mór cainte réamhullmhaithe, ag déanamh cur síos ar gach aon rud a bhaineann leis an scoil. Tá sé sin go maith ach a luaithe a théann an scrúdaitheoir ón bpointe in aon chor, bíonn líon áirithe iarrthóirí i bponc. Fiú ceist mar 'Cad é an sport is mó a imríonn sibh anseo?' cruthóidh sé fadhbanna amanna don té nach bhfuil cleachtach ar chomhrá, is cuma cé chomh maith is atá sé ag cur píosaí fada réamhullmhaithe de.
- Thagair scrúdaitheoirí d'iarrthóirí a raibh cumas iontu, a raibh ullmhúchán maith déanta acu, agus a bhí breá ábalta caint a dhéanamh ach a raibh deacrachtaí acu leis na treoracha a thugtar istigh sa seomra féin, mar shampla: *Tá nóiméad agat chun féachaint ar an bpíosa sin anois,* nó *Abair leis an gcéad duine eile teacht isteach i gceann dhá nóiméad,* nó *An ndéarfaidh tú leis an gcéad duine eile fanacht ar feadh píosa, caithfidh mé dul agus labhairt leis an bpríomhoide,* agus na gnáthabairtí mar sin a bhíonn in úsáid ag an scrúdaitheoir i rith obair na seachtaine.
- Má mhúintear an teanga leis an modh cumarsáideach agus ar bhealach comhtháite, má sheachnaítear modh an aistriúcháin oiread agus is féidir, agus má chothaítear an chumarsáid sa rang, éireoidh go maith leis na hiarrthóirí sa Bhéaltriail.
- Tá fadhbanna leanúnacha ag iarrthóirí áirithe maidir le ceartúsáid na Gaeilge, áfach. (i) Tá tionchar an Bhéarla le brath ar an teanga: *thóg mé suas* an caitheamh aimsire sin ; (ii) bíonn botúin chomónta ann maidir le húsáid na réamhfhocal: bhí mé ag cabhrú *mo mháthair*; d'éirigh *mé* sa scrúdú; (iii) bíonn an chopail in easnamh go minic: *tá sé sin fadhb mhór*; (iv) bíonn na hinscní mícheart uaireanta: *fadhb mór* agus *oíche maith*; (v*)* bíonn claonadh ann an aimsir chaite a úsáid fiú nuair is léir nach í sin an aimsir atá ag teastáil: rachaidh mé go dtí an ollscoil an bhliain seo chugainn agus *rinne*…agus *fuair*… (vi)

Thagair na scrúdaitheoirí don mhodh coinníollach: tá cuid de na daltaí ábalta ar é a úsáid nuair a chuirtear ceist dhíreach orthu, ach ní éiríonn leo é a úsáid sa ghnáthchaint.

Moltaí do Mhúinteoirí agus do Dhaltaí

- Ba chóir comhtháthú a dhéanamh idir na codanna éagsúla den siollabas agus labhairt na Gaeilge a bheith lárnach sa teagasc i gcónaí.
- Moltar an obair bheirte mar bhealach le comhrá sa rang a chothú agus taithí ar scil an cheistiúcháin a thabhairt do na daltaí.
- Ba chóir ábhar ó na meáin a úsáid go rialta sa rang, le caint i measc na ndaltaí a spreagadh.
- Ba chóir go mbeadh labhairt na Gaeilge mar ghnáthchleachtas sa rang Gaeilge ón gcéad bhliain ar aghaidh.
- Turais ar an nGaeltacht, díospóireachtaí idir ranganna agus idir scoileanna, agus obair ghrúpa, roinnt de na bealaí le labhairt na Gaeilge i suíomh nádúrtha a chothú, agus ba chóir na modhanna sin a thriail oiread agus is féidir.
- Ba chóir breis béime a chur ar scil na héisteachta, an Bhéaltriail agus an Chluastuiscint a cheangal le chéile, le tabhairt ar na daltaí éisteacht leis an gceist agus freagra a thabhairt ar an gceist a cuireadh orthu seachas píosa réamhullmhaithe comhthreomhar leis an gceist a thabhairt.